

# An Scéim Díolúine ó Dholáí do Dhaoine faoi Mhíchumas




## Treoirínte do Thiománaithe faoi Mhíchumas i nDola-Phláis bhacainne

(Ní bhaineann seo le dola gan bhacainn an M50)


Nuair a ghluaiseann tú a fhad le Dola-Phlás bacainne, cuirfidh Comharthaí Soilsithe atá suite os cionn gach lána dola, ar aghaidh an fhorscátha, an t-eolas ar fáil duit chun an lána ceart a roghnú do d'fheithicil.

### Ná húsáid na Lánaí Luais

Taispeántar ar an léaráid thíos na Comharthaí Soilsithe ag gach Dola-Phlás.



Má **tá** an Lána le Foireann soilsithe, úsáid an lána seo mar gheall go mbeidh Oibreoir Dola sa lána chun cabhrú leat



**Mura bhfuil** an Lána le Foireann soilsithe, úsáid ceann de na lánaí Uathoibríocha atá ar fáil

Tá roinnt Dola-Phláis in Éirinn ábalta na feithicilí siúd a aithint atá cláraithe leis an Scéim Díolúine ó Dholáí do Dhaoine faoi Mhíchumas (an DTES), a dhéanann bacainn an dola a ardú go huathoibríoch.

Mura n-ardaítear an bhacainn go huathoibríoch, tiomáin ar aghaidh sa lána go dtí go bhfuil tú taobh leis an Meaisín Dola Uathoibríoch agus brúigh **'an Cnaipe Cúnaimh'**. Beidh an cnaipe seo le feiceáil go soiléir ar an meaisín. Nuair a bhrúnn tú an cnaipe seo, cuirtear glaoch ar an Seomra Rialaithe agus cabhróidh foireann an tSeomra Rialaithe leat taisteal tríd an bplás.

*(Tabhair faoi deara, le do thoil, má bhrúitear an cnaipe seo dhá uair nó níos mó sula bhfreagrófar do ghlaoch, b'fhéidir go ndéanfar an gléas idirchumarsáide a dhícheangal)*

Mura féidir leat do lámh a shíneadh fada go leor chun an Cnaipe Cúnaimh a bhrú ar chúis ar bith, fan sa lána. Déantar monatóireacht sheasta i Seomra Rialaithe an Dola-Phláis ar na lánaí agus cuirfidh siad cúnaimh ar fáil.

[www.dtes.ie](http://www.dtes.ie)

Guthán: **1800 11 55 00**

Ríomhphost: [customercare@dtes.ie](mailto:customercare@dtes.ie)

Uaireanta Oibre an Ionaid Ghlaonna: *Ó Luan go Déardaoin: 8am- 6pm | Dé hAoine: 8am-5pm | Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh: Dúnta*

Seoladh: An DTES, Teach EA, Bóthar Tionsclaíochta Bhaile Dama, Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15